**RABHADH**

**Ní mór duit an ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe; mura ndéantar sin caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo** →

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 22 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 12.00

*Don Fheitheoir amháin*

Stampa an Ionaid

*Treoracha Ginearálta*

TÁ DHÁ ROINN SA SCRÚDPHÁIPÉAR SEO

*Roinn a hAon:* Ní mór **sé** cheist a fhreagairt.
Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ann dóibh ar an scrúdpháipéar seo.

*Roinn a Dó:* Ní mór **trí** cheist a fhreagairt.
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.
Scríobh do fhreagraí sa fhreagarleabhar.

*Iomlán na Marcanna: 300 marc.*

*Níor chóir níos mó ná 45 nóiméad a chaitheamh ar Roinn a hAon.*
*Ba chóir 105 nóiméad a fhágáil do Roinn a Dó.*

Leathanach Bán

## ROINN a hAON (120 marc)

**Treoracha**

Scríobh do scrúduimhir sa spás atá ann di ar leathanach 1.


Freagair **sé** cheist. Tá **20** marc ag gabháil le gach ceist.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Bíodh do chuid freagraí gearr.

### Ceist 1.

(a) Taispeántar sa léaráid sampla ithreach á dhó chun an céatadán (%) d'ábhar orgánach atá ann a ríomh.




(i) Cén fáth ar baineadh úsáid as sampla d'ithir thirim?

______________________________________________

(ii) Cén chaoi a mbeadh a fhios ag dalta cathain a bheadh an t-ábhar orgánach go léir bainte as an ithir?

______________________________________________

(b) (i) Luaigh **dhá** chúis a mbíonn tábhacht le hábhar orgánach in ithir.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(ii) Luaigh **dhá** bhealach inar féidir ábhar orgánach a chur le hithir.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

(iii) Ainmnigh **dhá** chomhábhar in ithir seachas ábhar orgánach.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

## Ceist 2.

Taispeántar sna híomhánna seo a leanas fearas/meaisíní a úsáidtear ar fheirmeacha.

Sa tábla thíos, sainaithin **gach ceann** díobh **agus** luaigh an phríomhúsáid atá leis.

Tá an fearas A comhlánaithe mar shampla.



**A**




**B**



**C**




**D**



**E**



**F**

| Meaisín/fearas | Litir | Príomhúsáid |
|---|---|---|
| Gabhlach | **A** | Ainmhithe a shrianadh le haghaidh tástála nó le dáileog a thabhairt dóibh |
| Bráca cumhachta | | |
| Comhbhuainteoir | | |
| Cumhdaitheoir burlaí | | |
| Spraeire bairr | | |
| Umar sciodair | | |

## Ceist 3.

Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart **i ngach cás** chun a léiriú cé acu fíor (**F**) nó bréagach (**B**) atá na ráitis seo a leanas, mar a léirítear sa sampla.

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Sampla:*** | **Bruthcharraig is ea basalt** | **F** (circled) | **B** |
| (a) | Déanann an scairt i mamaigh an cliabhrach a dheighilt ón abdóman. | F | B |
| (b) | Cuidíonn féar tirim le forbairt na cogansaí i laonna. | F | B |
| (c) | Seacht mí a bhíonn an tréimhse iompair i mba. | F | B |
| (d) | Is pór caorach atá sa Lanrásach. | F | B |
| (e) | Táirgtear gaiméítí ainmhithe de thoradh ar mhéóis. | F | B |
| (f) | Tugann vacsaíniú imdhíonacht. | F | B |
| (g) | Baineann piseanna leis an bhfine plandaí *Leguminosae (Fabaceae).* | F | B |
| (h) | Bíonn díleáiteacht ábhair thirim (DMD) de 50% i sadhlas ardchaighdeáin. | F | B |
| (i) | Planda déchotailéadónach is ea féar. | F | B |
| (j) | Fásann péacán síl ina ghas. | F | B |

## Ceist 4.

D'fhéadfadh sé gur víris, baictéir, fungais nó easpa (vitimín nó mianra) sa chothú is cúis le galair in ainmhithe feirme.

Sa tábla thíos, luaigh cúis le **gach ceann ar leith** de na galair ar an liosta.
Tá an chúis leis an gcrúibíneach comhlánaithe mar shampla.


| **Galar** | **Cúis** |
|---|---|
| An chrúibíneach | Baictéir |
| Galar an díodáin in uain | |
| An galar crúibe is béil | |
| An fiabhras bainne i mba | |
| An bhorrphéist | |
| An eitinn (TB) | |



**[THALL]**

**Ceist 5.**

Taispeántar sa léaráid an gaireas a úsáidtear in iniúchadh ar phéacadh síolta.




(a) Cén ghné de phéacadh síolta atá á hiniúchadh?

____________________________________________________________

(b) Cén t-athrú, más ann dó, a mbeifeá ag súil leis i dteocht istigh i ngach fleascáin tar éis 5 lá?

Fleascán A. ____________________________________________________

Fleascán B. ____________________________________________________

(c) Cén fáth a ndearnadh an taobh istigh de gach fleascán a steiriliú ag tús an iniúchta?

____________________________________________________________

(d) Luaigh na **trí** coinníollacha atá riachtanach do phéacadh síolta.


(i) ________________________________________________________

(ii) ________________________________________________________

(iii) ________________________________________________________

**Ceist 6.**

Taispeántar sa léaráid na céimeanna sa mheiteamorfóis fhoirfe i saolré na bánóige cabáiste.




(a) Ainmnigh na céimeanna a bhfuil na lipéid W, X, Y, Z orthu.

W.________________________________________

X. ________________________________________

Y. ________________________________________

Z. ________________________________________

(b) (i) Luaigh na modhanna éagsúla beathaithe a bhaineann le céim W agus le céim Y.

W. ________________________________________

Y. ________________________________________

(ii) Luaigh an tábhacht talmhaíochta a bhaineann le céim W agus le céim Y.

W. ________________________________________

Y. ________________________________________

(c) Ainmnigh feithid **amháin** eile **agus** luaigh an tábhacht a bhaineann leis sa talmhaíocht.

Feithid. ________________________________________

Tábhacht. ________________________________________

**Ceist 7.**

Tabhair cúis eolaíoch **amháin** le **gach** ceann de na cleachtais seo ar fheirmeacha na hÉireann.

(a) Criosanna foscaidh á bhfás.

(b) Bainne á choimeád ag tuairim is 4 $^{o}C$ in ollumar.

(c) Ainmhithe óga á gclibeáil.

(d) Aolchloch mheilte á leathadh.

(e) Bainbh a instealladh le tuaslagán d'iarainn.

# ROINN a DÓ (180 MARC)

**Treoracha**

**Scríobh do chuid freagraí ar Roinn a Dó i do fhreagarleabhar.**


Freagair **trí** cheist ar bith. Tá **60** marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 8.

(a) (i) Luaigh **trí** fheidhm atá ag cnámharlach na bó.

(ii) Ainmnigh mianra **amháin agus** vitimín **amháin** atá riachtanach d'fhorbairt cheart na gcnámh.

(b) Taispeántar blaosc bó sa ghrianghraf.





(i) Ainmnigh na cineálacha fiacaile a bhfuil na lipéid A agus B orthu.

(ii) Luaigh an fheidhm atá ag A **agus** an fheidhm atá ag B.

(c) (i) Ainmnigh **dhá** sheoimrín ar bith i ngoile na bó.

(ii) Luaigh an fheidhm atá ag **gach aon cheann** de na seoimríní ar tagraíodh dóibh in (i).

(d) Taispeántar gearradh trí chroí bó sa léaráid.




(i) Ainmnigh **gach aon cheann** de na codanna A, B, C, D.

(ii) Luaigh an fheidhm atá ag cuid C.

(iii) Luaigh ionad an chroí i gcorp na bó.

## Ceist 9.

(a) Mínigh na téarmaí seo a leanas mar a úsáidtear iad sa ghéineolaíocht.

(i) Haplóideach

(ii) Homaisigeach

(iii) Lócas.

(b) Bíonn fad 800 mm ar chochán na heorna íonphóraithe Alfa (AA).
Bíonn fad 600 mm ar chochán na heorna íonphóraithe Béite (BB).
Bíonn fad 700 mm ar chochán na hibride a ghintear de thoradh ar chrosáil idir an dá chineál sin.

(i) Céard a léiríonn sé sin faoi na géinte a rialaíonn fad an chocháin sa sampla sin?

(ii) **Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar** chun an chrosáil idir na cineálacha eorna Alfa agus Béite a thaispeáint.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tuismitheoirí: | Alfa íonphóraithe | X | Béite íonphóraithe |
| Géinitíopaí na dtuismitheoirí: | ( ) | X | ( ) |
| Gaiméítí: | ( ) | X | ( ) |
| Géinitíopa an tsleachta: | | ( ) | |
| Feinitíopa an tsleachta hibridigh: | | ______________________ | |

(iii) Tugadh deis do na plandaí hibrideacha féinphailniú agus cuireadh na síolta a gineadh dá bharr.

**Cóipeáil agus comhlánaigh é seo a leanas i do fhreagarleabhar,** agus úsáid na hibridí thuas mar thuismitheoirí.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Géinitíopaí na dtuismitheoirí: | ( ) | X | ( ) |
| Gaiméítí: | ( ) ( ) | X | ( ) ( ) |
| Géinitíopaí an tsleachta: | ( ) | ( ) | ( ) |
| Feinitíopaí an tsleachta: | _________________ | __________________ | __________________ |

(c) (i) Luaigh buntáiste **amháin** le hinseamhnú saorga (AI) a úsáid ar fheirm dhéiríochta.

(ii) Luaigh míbhuntáiste **amháin** le hinseamhnú saorga (AI) a úsáid ar fheirm dhéiríochta.

**Ceist 10.**

(a) Taispeántar dhá phlanda sna pictiúir a d’fhéadfaí a úsáid agus féarach á athshíolú.



A



B

(i) Ainmnigh an cineál féir i bpictiúr A.

(ii) Tabhair **dhá** chúis a n-úsáidfeadh feirmeoir an féar seo agus athshíolú á dhéanamh aige.

(iii) Ainmnigh an planda i bpictiúr B.

(iv) Tabhair **dhá** chúis a n-úsáidfí planda B i meascán síolta.

(b) (i) Tabhair cúis **amháin** ar cheart fiailí a shrianadh i bhféarach.

(ii) Luaigh **dhá** bhealach le fiailí a shrianadh i bhféarach, seachas luibhicíd (fiailnimh) a úsáid.

(c) Déan cur síos ar stiallinnilt, le cúnamh léaráide lipéadaithe.

(d) Déan cur síos ar thurgnamh chun an céatadán (%) siúcra i sampla féarach a dheimhniú.

**Ceist 11.**

(a) (i) Mínigh cén chaoi a ndéantar cruachiseal iarainn in ithir.

(ii) Céard iad na hiarmhairtí a bhíonn ag cruachiseal iarainn san ithir?

(iii) Ainmnigh an grúpa ithreach is dóichí go ndéanfaí cruachiseal iarainn ann.


(iv) Cén chaoi ar féidir cruachiseal iarainn a bhaint as ithir?

(b) Déan cur síos ar an modh le samplaí ithreacha a thógáil chun tástáil a dhéanamh orthu.

(c) Déan cur síos ar modh le pH sampla ithreach a thomhas.

**Ceist 12.**

(a) Taispeántar gearradh trí dhuille sa léaráid.





(i) Ainmnigh an ghné a bhfuil an lipéad A uirthi.

(ii) Luaigh **dhá** fheidhm atá ag A.

(iii) Céard í an phríomhfheidhm atá ag na cealla a bhfuil an lipéad B orthu?

(iv) Luaigh **dhá** bhealach ina bhfuil struchtúr duille in oiriúint dá phríomhról.

(b) Taispeántar trasghearradh trí ghas planda sa léaráid.




(i) Ainmnigh cineál planda a mbeadh trasghearradh mar seo tríd an ngas aige.

(ii) Ainmnigh na struchtúir a bhfuil an lipéad X orthu.

(iii) Luaigh **dhá** fheidhm atá ag X.

(iv) Ainmnigh planda a bhfuil gas modhnaithe ann.


(c) Déan cur síos ar thurgnamh chun fótatrópacht i síológa a thaispeáint.

## Ceist 13.

Freagair **dhá** chuid ar bith de (a), (b), (c), (d). **(30 marc, 30 marc)**

(a) Taispeántar gar-chomhshuíomh bhainne na bó sa phíchairt.

**Comhshuíomh bainne**




- (i) Cén comhábhar de bhainne atá á léiriú ag an gcuid a bhfuil an lipéad A air?
- (ii) Céard is gruth buí ann?
- (iii) Tabhair **dhá** dhifríocht ar bith idir gruth buí agus gnáthbhainne.
- (iv) Tabhair **dhá** bhealach a bhféadfadh feirmeoir cáilíocht an bhainne óna thréad a fheabhsú.
- (v) Má chuaigh bó faoi chóireáil in aghaidh an mhaistítis, cén fáth nach ceadmhach a cuid bainne a ligean isteach sa soláthar bia don duine?
- (vi) Tabhair cúis **amháin** le ba a dhealú ar fheirm dhéiríochta.
- (vii) Céard atá i gceist leis an téarma *pór dhá fheidhm*?
- (viii) Tabhair sampla **amháin** de phór dhá fheidhm.

(b) Déan cur síos ar shaothrú na heorna faoi na ceannteidil seo a leanas.

- (i) Cineál na hithreach
- (ii) Am síolchuir
- (iii) Modh síolchuir
- (iv) Srianadh fiailí
- (v) Cosc galar
- (vi) Baint an fhómhair.

(c) Ní mór d'fheirmeoirí a bheith san airdeall go bhféadfaidís truailliú a dhéanamh agus iad ag obair ar an bhfeirm.

- (i) Céard a chiallaíonn an téarma *truailliú*?
- (ii) I gcás **gach aon cheann** díobh seo a leanas, luaigh **dhá** bhealach is féidir le feirmeoir an baol truaillithe a mhaolú:
  1. Nuair a bhíonn sadhlas á dhéanamh
  2. Ar fheirm dhéiríochta
  3. Nuair a bhíonn leasachán saorga á leathadh
  4. Nuair a bhíonn lotnaicídí nó fuingicídí á n-úsáid.

(d) Déan trácht achomair orthu seo a leanas maidir le hainmhithe scoite, óna gcéad gheimhreadh faoi dhíon go dtí go gcuirtear amach ar féarach iad an t-earrach dár gcionn.

- (i) Cur faoi dhíon
- (ii) Cothú
- (iii) Cosc galar agus seadán
- (iv) Spriocmheáchan nuair atá siad á ligean amach ar féarach
- (v) Fás cúiteach.

Leathanach Bán

Leathanach
Bán

Leathanach Bán